CEACHT 34

COIS FARRAIGE

Pictiúr: Radharc:

Cois farraige, an ghrian ag taitneamh, Mamaí, Daidí, Páid, Bríd agus Nóirín ar an trá; ciseán ag Mamaí agus í ina suí ar an ngaineamh, buicéad agus sluasaid ag Páid, caisleán gainimh, sliogáin; culaith snámha ar Nóirín; Páid ag déanamh caisleán gainimh, Daidí ag cruinniú sliogán, Bríd ag snámh le Nóirín a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann; comhartha ceiste, corcán tae, picnic.

Céim 4: fuaigh an cnaipe (Ceacht 36).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Lá breá gréine a bhí ann. Bhí an aimsir go hálainn. Chuaigh gach duine go dtí an fharraige.

Agallamh

MAMAÍ: Tá an áit seo go deas. Suífimid anseo.
NÓIRÍN: An bhfuil cead agam dul ag snámh anois, a Mhamaí?
MAMAÍ: Tá. Bain díot do chuid éadaigh.
PÁID: Nílimse ag dul ag snámh fós. Déanfaidh mé caisleán.
DAIDÍ: Rachaidh mise ag cruinniú sliogán.
BRÍD: Agus rachaidh mise ag snámh leatsa, a Nóirín.

Cuntas Reatha

Bhí an-spórt acu. Rinne Mamaí an tae agus bhí picnic bhreá acu.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Lá fliuch a bhí ann?
Bhí an aimsir go dona, is dócha?
Cá ndeachaigh gach duine?

A "Mhamaí", céard faoin áit seo?
Céard a dhéanfaidh sibh?

A "Nóirín", iarr cead ar Mhamaí dul ag snámh.
Freagair í, a "Mhamaí".
Abair léi a cuid éadaigh a bhaint di.
An bhfuil tusa ag dul ag snámh, a "Pháid"?
Céard a dhéanfaidh tú?
Cá rachaidh tusa, a "Dhaidí"?
Céard a dhéanfaidh tusa, a "Bhríd"?

An raibh spórt acu cois farraige?
Céard a rinne Mamaí?
Agus ansin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Rachaidh mise ag snámh *leat*.
   (*eisean, ise, iadsan, Seán*).
2. An bhfuil cead agam *dul ag snámh*?
   (*léigh/an leabhar, inis/an scéal, oscail/an doras, ith/an lón, fuaigh/an cnaipe*).
   Feidhm a bhaint as mím anseo.
3. *Do chuid* éadaigh.
   (*tusa, ise, eisean, iadsan*).
4. *Déanfaidh* mé caisleán.
   (*inné, anois, gach lá;* ní, an?: *inné, amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal ó Nóirín:
   "*Chuaigh mé go dtí an fharraige le Daidí agus Mamaí. Bhain mé mo chuid éadaigh díom . . .*".
   Geáitsíocht agus mím a dhéanamh de réir mar a oireann
3. Scéal ó Pháid:
   "*Bhí mé cois farraige. Rinne mé caisleán . . .*"
   nó
   dráma beag faoi dhéanamh an chaisleáin.
4. Scéal ó Bhríd:
   "*Bhí mé cois farraige. Chruinnigh mé . . .*"
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
6. Gníomhaíocht dhrámatúil :
   ag déanamh caisleáin agus á leagan arís, ag léim san uisce, ag caitheamh uisce lena chéile san fharraige, ag snámh thar na tonnta, etc.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Lá breá samhraidh
'S an ghrian go hard
Chuaigh na páistí
Go dtí an trá.

Curfá
Spórt is scléip ar an trá
Snámh is caisleáin ar an trá
Picnic is sliogáin ar an trá
Lá breá samhraidh, Hip! Huré!

II

Lá breá samhraidh
Amuigh ar an trá,
Ag cruinniú sliogán
'S ag déanamh caisleán.

Curfá
Spórt is scléip ar an trá
Snámh is caisleáin ar an trá
Picnic is sliogáin ar an trá
Lá breá samhraidh, Hip! Huré!